



Tuarascáil Bhliantúil 2023



Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

Íomhánna ar an gClúdach:

Taibheoir ag Féile Bhríde 1500

Scoil Rince Samhraidh, Cill Dara

Oscailt Oifigiúil Bhóthar Dáileacháin Bhaile Átha Í

Seomra na Comhairle

FIOSRUITHE

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin doiciméad seo, déan teagmháil le:

Comhairle Contae Chill Dara
Páirc Uí Dhubhuí, An Nás, Contae Chill Dara
W91 X77F
Guthán: 045 980200
Ríomhphost: customerservice@kildarecoco.ie

2023 © Comhairle Contae Chill Dara

Clár

Réamhrá

- 06 Ár bhFís agus Ráiteas Misin
- 08 Réamhrá Comhscríofa
- 10 Comhaltaí Tofa
- 12 Cáin Mhaoine Áitiúil

Tithíocht agus Athghiniúint

- 20 Tithíocht
- 22 Ríocht Phoiblí

Iompar, Soghluaisteacht agus Spásanna Oscailte

- 28 Iompar
- 30 Páirceanna agus Spásanna Oscailte

Aeráid, Pobal, Comhshaol agus Uisce

- 36 Aeráid
- 38 Pobal
- 42 Comhshaol & Uisce

Seirbhísí Corparáideacha, Pobail agus Cultúrtha

- 50 Seirbhísí Corparáideacha
- 52 Acmhainní Daonna
- 54 Inrochtaineacht
- 57 Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
- 60 Sláinte agus Sábháilteacht
- 62 Seirbhís Ealaíon Chill Dara

Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch agus Seirbhísí Éigeandála

- 70 Pleanáil
- 74 Fiontar agus Forbairt Eacnamaíoch
- 77 Rialú Tógála
- 78 Seirbhísí Éigeandála

Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha, Nuálaíocht agus Rialú

- 84 Teicneolaíocht Faisnéise
- 86 Nuálaíocht
- 88 Airgeadas

Sceideal Oibre na gCeantar Bardasach

Aguisíní

- 94 Scéim na gCoistí um Beartais Straitéiseacha 2019-2024
- 101 Coistí na Comhairle 2023
- 102 Comhaltaí na gComhlachtaí Seachtracha 2023
- 103 Comhdhálacha ar Freastalaíodh Orthu in 2023
- 104 Cúrsaí Traenála ar Freastalaíodh Orthu in 2023
- 105 Freastal na gComhairleoirí ar Chruinnithe in 2023
- 108 Speansais na gComhairleoirí 2023
- 110 Plean Corparáideach: Tuairisc ar dhul chun cinn 2023
- 140 Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse 2023: Tuairisc ar dhul chun cinn
- 201 Comhairle Contae Chill Dara - Dliteanas as Cáin Charbóin Aerthaistil 2023
- 201 Tascairí Feidhmíochta 2023
- 202 Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais



Réamhrá



Séipéal Cairmeileach, Radharc Anuas, Baile Chill Dara, Contae Chill Dara

Ár bhFís agus Ráiteas Misin

Ár bhFís


Cill Dara - Beatha; Fás; Ceannaireacht

Ag obair le chéile ar mhaithe le Contae atá ionchuimsitheach agus inbhuanaithe.

Ráiteas Misin

Comhairle Contae Chill Dara

Todhchaí inbhuanaithe a chruthú agus feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil atá ag na saoránaigh go léir. Infreastruchtúr cumasach agus seirbhísí éifeachtacha agus insroichte a sholáthar agus muid ag tabhairt faoinár bhfís trí chomhoibriú, nuálaíocht, ionchuimsú agus teagmháil phobail.





Réamhrá Comhscríofa

Sonya Kavanagh, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Dara, agus An Comhairleoir Daragh Fitzpatrick, Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Dara a scríobh

Tugann ár dTuarascáil Bhliantúil 2023 deis iontach dúinn féachaint siar ar ghaiscí agus dul chun cinn Chomhairle Contae Chill Dara ó thús deireadh na bliana. Sa tuarascáil, cuirimid béim ar an raon leathan de sheirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle ar fud an chontae, agus na hathruithe agus na feabhsúcháin a tugadh chun críche ar mhaithe le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí agus tacú le saol laethúil ár saoránach agus le cuairteoirí a thagann chuig ár gcontae.

Bhí áthas ar Chomhairle Contae Chill Dara an chéad bhliain de chlár dhá bhliain imeachtaí d'fhéile Bhríde 'Brigid 1500' a óstáil. Bhain na mílte daoine, idir mhuintir an chontae agus chuairteoirí, sult as an gclár imeachtaí a bhí cairdiúil agus mórthaibhseach. Bhí rud éigin do chách sa chlár, a chuimsigh ceolchoirmeacha, ceardlanna, soilse agus mórshíúlta mórthaibhseacha, mar aon le coimisiúin ealaíon agus mórán eile.

Thacaigh an Scéim um Tiomantas Pobail agus an Scéim Deontas Cruthaitheach linn raon de thionscadail agus imeachtaí don fhéile Bríd 1500 a cheiliúradh le grúpaí pobail, ealaíontóirí, clubanna agus eagraíochtaí a ghlac páirt agus leas as an bhféile. Anuas air seo, soláthraíodh scéim tiomanta do scoileanna – scéim a bhí dírithe ar ómós a thabhairt d'oidhreacht Bhríde i slí fhiúntach.

D'óstáil Comhairle Contae Chill Dara an Taoiseach, Leo Varadkar, ag oscailt oifigiúil Bhóthar nua Dáileacháin Bhaile Átha Í. Chuir an oscailt sin an clabhsúr ar scéim mar atá bóthar nua 3.4 km a thosaíonn soir ó Bhaile Átha Í agus a sholáthraíonn seachbhóthar deisceartach don bhaile. Cuimsítear sa scéim 5.8 km de chomhinfreastruchtúr siúlóide agus rothaíochta. Chruthaigh an scéim timpeallacht iompair níos

sábháilte i mBaile Átha Í, agus, chomh maith leis sin, laghdaigh sí tréimhsí taistil agus chuir sí feabhas ar inrochtaineacht iompair phoiblí.

Tá Comhairle Contae Chill Dara tiomnaithe don ghníomhú ar son na haeráide, do cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla, agus tiomnaithe, freisin, dár bpáirt a ghlacadh san iarracht dul i ngleic le géarchéimeanna athraithe aeráide agus bithéagsúlachta. In 2023, d'fhoilsíomar Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chill Dara 2024 – 2029. D'ullmhaíomar an plean seo d'fhonn tacú leis an iarracht náisiúnta laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach agus éifeachtacht fuinnimh a mhéadú go dtí os cionn 50%. Bainfear amach aidhmeanna ár bplean i mbealaí éagsúla, lena n-áirítear méadú a dhéanamh ar ár n-éifeachtacht fuinnimh inár bhfoirgnimh phoiblí uile, flit feithiclí agus áiseanna eile, agus, ag an am céanna, tacú le pobail áitiúla an chontae athruithe dearfacha a bhaint amach. Ag an leibhéal áitiúil, is ionad tástála d'athruithe é an Crios Dícharbónaithe i Maigh Nuad. Tabharfaidh na torthaí dearfacha a thiofadh as an ionad sin cabhair dúinne agus do phobail an chontae agus muid i mbun dícharbónaithe. Cuirfear an plean seo i bhfeidhm thar na 6 bliana atá amach romhainn agus, le linn an ama sin, táimid ag súil le contae a bhfuil seasmhacht ag baint leis a fhorbairt.

Lean Comhairle Contae Chill Dara de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le soláthar tithíochta sa chontae. Chuir an Chomhairle Contae, i gcomhar le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, 782 teach nua sóisialta agus inacmhainne ar fáil in 2023, agus leithdháileadh teach sóisialta ar 1,250 teaghlach.



Leanadh go bríomhar de dhul chun cinn a dhéanamh ar ár n-iompar ríochta poiblí in 2023. Cuireadh críoch i mí na Samhna 2023 le bealach 11 km a bhaineann le Céim 1 de Ghlasbhealach na Canála Ríoga ó Dhroichead Aylmer go dtí Na Solláin. Rinneadh é seo i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann agus le maoiniú ó Bhoneagar Iompair Éireann. Anuas air seo, tugadh tógail Áis Phobail na Bánóige chun críche, áis a chuir spás pobail, a bhí ag teastáil go géar, ar fáil do Chill Choca agus don cheantar máguaird.

Leanann comhaltáí tofa Chomhairle Contae Chill Dara dá mhórtiomantas agus dá gceannaireacht, d'fhonn infreastruchtúr agus seirbhísí tábhachtacha a sholáthar dár muintir agus dár bpobail.

Maireann tiomantas ár n-údaráis áitiúil do sheirbhísí a sholáthar agus d'fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn go buanseasmhach inár gcontae, agus tá súil againn go bhfuil sé seo le sonrú i leathanaigh na Tuarascála Bliantúla seo.

Sonya Kavanagh

Príomhfheidhmeannach

Sonya Kavanagh

Daragh Fitzpatrick

Cathaoirleach

Cllr Daragh Fitzpatrick

Tá Comhairle Contae Chill Dara tiomnaithe don ghníomhú ar son na haeráide, do cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla, agus tiomnaithe, freisin, dár bpáirt a ghlacadh san iarracht dul i ngleic le géarchéimeanna athraithe aeráide agus bithéagsúlachta.

Comhaltaí Tofa Reatha

Ceantar Bardasach Bhaile Átha Í

Veralouise Behan	FF
Aoife Breslin	LO
Brian Dooley	FF
Ivan Keatley	FG
Mark Leigh	LO

Ceantar Bardasach Chill Droichid – Léim an Bhradáin

Bernard Caldwell	FF
Michael Coleman	FF
Íde Cussen	Gan Pháirtí
Ciara Galvin	LO
Nuala Killeen	DS
Vanessa Liston	Gan Pháirtí
Joe Neville	FG

Ceantar Bardasach Chlaonadh – Mhaigh Nuad

Tim Durkan	FG
Aidan Farrelly	SD
Angela Feeney	LAB
Daragh Fitzpatrick	FF
Peter Hamilton	Glas
Pádraig McEvoy	Gan Pháirtí
Naoise Ó Cearúil	FF
Paul Ward	FF
Brendan Weld	FG
Brendan Wyse	FG

Ceantar Bardasach Bhaile Chill Dara – Dhoichead Nua

Anne Connolly	FF
Noel Connolly	SF
Suzanne Doyle	FF
Kevin Duffy	FG
Noel Heavey	FF
Fiona McLoughlin Healy	Gan Pháirtí
Peggy O'Dwyer	FG
Tracey O'Dwyer	FG
Chris Pender	SD
Robert Power	FF
Mark Stafford	FG
<i>*D'éirigh as i mí Iúil 2023</i>	
Paddy Curran	FG
<i>*Comhthofa - Deireadh Fómhair 2023</i>	

Ceantar Bardasach An Náis

Anne Breen	LAB
Fintan Brett	FG
Bill Clear	SD
Carmel Kelly	FF
Colm Kenny	Glas
<i>*D'éirigh as i mí Bealtaine 2023</i>	
Bob Quinn	Glas
<i>*Comhthofa - Meitheamh 2023</i>	
Seamie Moore	Gan Pháirtí
Evie Sammon	FG



Cáin Mhaoine Áitiúil: Campaí Samhraidh Uiscebhunaithe Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

Cáin Mhaoine Áitiúil

Forléargas ar 2023

Leithdháileadh breis agus €5.2m de mhaoiniú ó Cháin Mhaoine Áitiúil in 2023 ar na 5 Cheantar Bhardasacha i gCill Dara, agus chuir sé seo le forbairt agus soláthar na gcéadta tionscadal pobail, tionscnaimh timpeallachta agus cothabháil sa chontae, mar aon le cláir chruthaitheacha agus chultúrtha.

Cáin bhliantúil ar réadmhaoín chónaitheach is ea Cáin Mhaoine Áitiúil agus tá sí bunaithe ar luach margaidh gach réadmhaoine. Cuireann leithdháileadh an mhaoinithe seo, a dhéanann Comhairle Contae Chill Dara ar bhonn bliantúil, le caighdeán maireachtála na saoránach i gCill Dara agus leis an infreastruchtúr sna 5 Cheantar Bhardasacha sa chontae.

Tacú suntasach ab ea an Cháin Mhaoine Áitiúil in 2023 i ndáil leis na nithe seo leanas:

Tacú le Pobail

- Féile Bríde 1500
- Ciste Nuálaíochta Pobail
- Tionscnaimh Óige agus Pobail
- Soilse Nollag
- Toblín Snámha i gCill Droichid
- Eachtraí Spóirt
- Áiseanna d'Ionaid Athraithe
- Deontais d'Aghaidheanna Siopaí
- Suíochánra Aoisbháil
- Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara
- Clár 'Heads Up'

Cosaint a thabhairt dár dTimpeallacht

- Maoiniú do Bhailte Slachtmhara
- Ciste Nuálaíochta Aeráide
- Picnic sa Pháirc, Maigh Nuad
- Beartha Maolaithe Gliofosáite
- Plandáil Crann

Ár gContae á Chothabháil

- Rinneadh cosáin a uasghrádú agus a dheisiú
- Rinneadh Bóithre Áitiúla a chothabháil
- Cuireadh Soilsiú Poiblí ar fáil

Ag Tacú le Cultúr agus na hEalaíona

- Féile 'Bríd 1500'
- Féile Manley Hopkins
- Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán
- Féile Dearbaí Chill Dara
- Féile an Mheithimh



"Míle Laethúil" do bhunscoileanna i gcomhar le Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann. Grianghraf: Bunscoil Saint Brigid, Baile Chill Dara



Imeacht Rothaíochta Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara a thosaigh ag an Mol Spóirt Pobail, Baile Átha Í

Maoiniú ó Cháin Mhaoine Áitiúil d'Fhéile 'Bríd 1500'

- Leithdháileadh €341,000 de Mhaoiniú ó Cháin Mhaoine Áitiúil ar Fhéile 'Bríd 1500' in 2023.
- Thacaigh Scéim Deontais Pobail Bríde 1500 le grúpaí ar fud an chontae chun dul i ngleic le tionscadail éagsúla le ceiliúradh a dhéanamh ar Bhríd 1500: An bhean í féin, a saol, a hoidhreacht.
- Rinne Clár Bríde 1500 teagmháil le pobail éagsúla agus sholáthair an fhéile eispéiris shuntasacha. Léiríodh gnéithe éagsúla d'oidhreacht Naomh Bhríde trí raon leathan imeachtaí agus tionscnamh lena n-áirítear féilte, ceolchoirmeacha, cainteanna coimisiúin, ealaín agus ceardlanna.
- Thug Deontas Ealaíon agus Pobail Bríde 1500 urraíocht d'ealaíontóirí i gCill Dara chun páirt a ghlacadh sa cheiliúradh trí raon mór de thionscadail a reáchtáil lena n-áirítear ceardlanna, pictiúir, taispeántais agus foilsíúcháin scríofa.
- Chuimsigh an clár cultúrtha d'Fhéile Bríde 1500 10 lá éagsúla ionchuimsitheacha, agus bhí sé mar aidhm aige freastal ar lucht féachana leathan agus luachanna Naomh Bríde a cheiliúradh, ina measc creideamh, bithéagsúlacht, ealaíona, ceartas sóisialta agus oideachas.



Clár um Mhúscailt Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara do dhaoine fásta níos sine




Soilsíonn lógó 'Bríd 1500' an Iothlainn Aisteach, Léim an Bhradáin

CMÁ 2023 i bhfoirm uimhreacha



€1.08m

Cosáin Uasghrádaithe
agus Deisithe




€74,000

Soilsiú Poiblí



165,000

Soilse Nollag




€215,000

Bailte Slachtmhara




€287,000

Plandáil Crann agus Maolú
ar Ghliofosáite



€600,000

Leabharlanna agus na
hEalaíona



€80,000

Botháin na bhFear agus
Botháin na mBan



€160,000

Deontais do Chumainn
Chónaitheoirí



€120,000

Tacú le Féilte
Pobail Áitiúla



Tithíocht agus Athghiniúint



Cuirtear tús leis an obair thógála ar Mhúsaem Shackleton, Baile Átha Í

Stiúrthóireacht 1

Tithíocht agus Athghiniúint

Féachann Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Chill Dara le tacaíocht tithíochta sóisialta a sholáthar do dhaoine nach bhfuil d'acmhainn acu freastal ar a riachtanais tithíochta féin. Féachaimid, chomh maith le tithíocht inacmhainne a sholáthar do dhaoine a sháraíonn na teorainneacha ioncaim le haghaidh tithíocht shóisialta. I gcomhréir le spriocanna soláthair 'Tithíocht do Chách', thug an Chomhairle faoi sholáthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú agus aonaid a sholáthar tríd an gclár caiteachais reatha. Lean Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Chill Dara de sheirbhís a sholáthar do dhaoine gan dídean agus chuir an Chomhairle Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiún an Lár-Oirthir i bhfeidhm.

Cabhraíonn an Chomhairle le teaghlaigh phríobháideacha trí mheán scéimeanna deontais tithíochta éagsúla agus cuireann sí iasachtaí ar fáil do theaghlaigh incháilithe. Leanann an Chomhairle de chlár cothabhála agus seirbhís bainistíochta eastát den scoth a sholáthar. Téann an Chomhairle i ngleic le réadmhaoín atá folamh fud fad an chontae tríd an Straitéis um Tithe Folmha a chur i bhfeidhm. Lean an Rannóg Tithíochta den obair ar cuireadh tús léi in 2022, agus muid ag freastal ar na riachtanais tithíochta a d'éirigh ó ghéarchéim mhuintir na hÚcráine. Leanadh freisin de bheith ag díriú ar ghníomhartha a bhain le haeráid, maidir le tógáil tithe, fáiltas, cothabháil agus uasghrádú ar réadmhaoín atá i seilbh na Comhairle.

Úsáideann an Fhoireann um Ríocht Phoiblí agus Tionscadail Straitéiseacha sonraí fianaisebhunaithe mar aon le hanaílís ar dhearadh uirbeach, agus iad ag iarraidh teacht ar réitigh Ríochta Poiblí/ Dearadh Uirbeach atá ceannródaíoch, ar mhaithe le cur leis an mbeocht agus bríomhaireacht atá i láir ár mbailte agus sráidbhailte. Is i gcomhar le pobail éagsúla an chontae a dhéantar seo ar fad – ag tosú le céim an choincheapa agus ag gluaiseacht chun cinn – céim ar chéim – go dtí céim na tógála.



Cuairt an Aire Stáit, Kieran O'Donnell



Tithíocht



Forléargas ar 2023

- Baineadh amach spriocanna i ndáil le Tógáil Tithíochta do Chách in 2023. Chuir Comhairle Contae Chill Dara i gcomhar le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta 782 teach nua, sóisialta agus inacmhainne ar fáil in 2023.
- Leithdháileadh teach sóisialta ar 1,250 teaghlach.
- Chun dul i ngleic le réadmhaoin atá folamh agus aidhmeanna tosaíochta maidir le láir na mbailte a bhaint amach, rinne Comhairle Contae Chill Dara 1,006 scrúdú ar réadmhaoin a bhí folamh agus cuireadh 47 fógra Réamh-CPO in airde. D'íoc an Chomhairle 25 deontas réadmhaoin folmha agus cuireadh tús le Plean Tosaíochta do Lár Bhaile Chlaonadh.
- Faomhadh 480 teaghlach príobháideach do mhaoiniú deontais faoi na scéimeanna 'Deontas Oiriúnaithe Tithíochta' agus 'Deontas Cúnaimh Tithíochta'.
- I gcomhréir le haidhmeanna Plean Gníomhaithe um Easpa Dídine Reigiún an Lár-Oirthir, d'éirigh 199 teaghlach as iostas/lóistín éigeandála. Tacaíodh le 41 tionóntacht 'Tús Áite do Thithíocht' ina iomláine. Cheannaigh Comhairle Contae Chill Dara 82 réadmhaoin a raibh tionóntaí in situ iontu.
- Lean an Chomhairle de sheirbhís cothabhála den scoth a sholáthar do thionóntaí, agus lean sí ar aghaidh leis an gclár uasghrádaithe ar réadmhaoin, lena n-áirítear uasghráduithe fuinnimh. Fuair 76 tionónta Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas i dtreo a dtithe a uasghrádú.
- Baineadh amach sprioc an Chláir um Chóiríocht do Thaistealaithe.
- Bronnadh Gradam Bróid Áite ar 9 n-eastát cónaithe de chuid an údaráis áitiúil.

Síniú Conartha – Ionad Ambasadóira, An Chill



Tithíocht 2023 i bhfoirm uimhreacha



Soláthraíodh

782

réadmhaoin faoin scéim
'Tithíocht do Chách'



Tugadh

1,372

measúnú tithíochta
chun críche



Ceannaíodh

82

réadmhaoin le
tionóntaí in situ



Leithdháileadh

1,250

réadmhaoin
shóisialta



Cuireadh tús le

429


tionóntacht
ÍCT nua



Faomhadh

556

deontas
tithíochta



Crochadh

47

Réamhfhógra
CPO



Íocadh

25

Deontas Tithe
Folmha



D'éirigh

199

teaghlach as iostas
éigeandála

Féach ar Aguisín 9, leathanach 153 le haghaidh sonraí breise maidir le Tithíocht agus Athghiniúint in 2023.

Ríocht Phoiblí



Forléargas ar 2023

Áis Pobail na Bánóige

Tugadh tógáil Áise Pobail na Bánóige, a mhaoinigh Comhairle Contae Chill Dara, chun críche in 2023 tionscnamh a chuir spás pobail a bhí ag teastáil go géar ar fáil do Chill Choca agus don cheantar máguaird.

Glasbhealach na Cánala Móire, Céim 1

Cuireadh críoch i mí na Samhna 2023 le bealach 11 km ó Dhroichead Aylmer go dtí Na Solláin, lena n-áirítear droichead coisithe díreach taobh amuigh den scoil sna Solláin. Comhoibriú ab ea é seo idir Comhairle Contae Chill Dara agus Uiscebhealaí Éireann, le maoiniú ó Bhoneagar Iompair Éireann.

Máistirphlean Athghiniúna Bhaile Mhainistir Eimhín

Tabharfaidh an Máistirphlean, a soláthraíodh in 2023, treoir d'fhás inbhuanaithe Mhainistir Eimhín, agus cuirfeadh le cumas forbartha an cheantair agus lena chumasmar spás sábháilte agus mar áit thaitneamhach le cur fút ann agus le bheith ag obair ann.

Musaem Shackleton, Baile Átha Í

Cuireadh tús le hobair athchóirithe ar an bhfhoirgneamh reatha agus le tógáil méadaithe glonraithe saincheaptha ag cúl an fhoirgnimh.

An Iothlainn Aisteach

Cuireadh tús le hoibreacha tosaigh ar an Iothlainn Aisteach i Léim an Bhradáin, mar ullmhú ar iarratas Cuid 8 in 2024.



IRG d'Oibreacha Athchóirithe Mhúsaem Shackleton



Droichead coisithe curtha isteach mar chuid de Ghlasbhealach na Canála Móire, Céim 1

Ríocht Phoiblí 2023 i bhfoirm uimhreacha




11km

de Ghlasbhealach
ó Dhroichead
Aylmer go dtí Na
Solláin

16

imeacht
comhairliúcháin
phoiblí



Rinneadh iarrtais
ar mhaoiniú de
luach

€3,815,000

Ainmníodh

2 thionscnamh

do Dámhachtain um
Fheabhas sa Rialtas Áitiúil
2023



Féach ar Aguisín 9, leathanach 163 le haghaidh sonraí breise maidir le Ríocht Phoiblí in 2023.



**Iompar,
Soghluaisteacht agus
Spásanna Oscailte**



Stiúrthóireacht 2

Iompar, Soghluaisteacht agus Spásanna Oscailte

Iompar agus Soghluaisteacht

Tá an stiúrthóireacht seo freagrach as breis agus 2,500 ciliméadar de bhóithre i gContae Chill Dara, agus déanann sí líonra bóithre an chontae a fhorbairt, a chothabháil agus a bhainistiú ar mhaithe le coisithe, rothaithe agus tiománaithe, mar aon le feithicilí seirbhíse poiblí agus tráchtála. Déantar mórthionscadail chaipitil a sholáthar agus a bhainistiú le maoiniú bliantúil a chuireann Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí gaolmhara ar fáil agus le maoiniú díreach ó Chomhairle Contae Chill Dara.

Agus iad ag obair le chéile, cinntíonn an lucht oibre teicniúil agus riaracháin sábháilteacht feithicilí agus úsáideoirí leochaileacha bóithre, le cabhair ó chóras forleathan bainistíochta tráchta agus líonra trasrianta coisithe.

Leanan Rannóg um Iompar Inbhuanaithe de bhearta agus gníomhaíochtaí ar mhaithe le sábháilteacht iompair agus bóithre a sholáthar in 2023 - leanadh de bheith ag tacú le tionscnaimh a spreagann daoine le dul ag siúl agus ag rotháil agus le córais iompair phoiblí a úsáid.

Páirceanna agus Spásanna Oscailte

Soláthraíonn Rannóg na bPáirceanna seirbhís tírdhreachaithe Chomhairle Contae Chill Dara fud fad an chontae. Eagraíonn an Rannóg raon éagsúil agus leathan d'oibreacha i gCill Dara a bhaineann le soláthar, dearadh agus cothabháil áiseanna caitheamh aimsire agus fónais.





Iompar, Soghluaisteacht agus Spásanna Oscailte

ATHY DISTRIBUTOR ROAD



Iompar



Forléargas ar 2023

D'oscail An Taoiseach, Leo Varadkar, T.D. Bóthar Dáileacháin Bhaile Átha Í ar 31 Deireadh Fómhair 2023. Cuimsíonn an bóthar 3.4 km seo 5.8 km de chomh-infreastruchtúr siúlóide agus rothaíochta, lena n-áirítear droichead iarnróid (ar baineadh úsáid dhifriúil as) os cionn Abhainn na Bearú, dhá thimpeallán nua, aomhail chomharthaithe nua, droichead cruach aonréise os cionn Abhainn na Bearú agus droichead iarnróid nua os cionn líne iarnróid Baile Átha Cliath go Port Láirge.

Tugadh an mhórchuid den tionscadal um Chlós Innealra agus Scioból Salainn Réigiúnach chun críche le linn 2023, agus bainfear úsáid as an áis seo le linn 2024.

Rinne Oifigí na gCeantar Bardasach cóiriú dromchla agus athchóiriú bóithre ar 172 km de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha in 2023.

Méadaíodh anClár um Shallanú sa gheimhreadh chun dul thar 75 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ar 10 mbealach salannaithe éagsúla.

Íostarraingíodh an méid is mó de mhaoiniú NTA don taisteal gníomhach is mó go dtí seo : €10.5m. Rinneadh dul chun cinn ar breis agus 35 scéim, agus leanadh de sholáthar leanúnach bealaí rothaíochta agus soláthar tionscadal taistil ghníomhaigh na nglasbhealachar fud an chontae. D'éascaigh an Chomhairle soláthar infreastruchtúir do stadanna bus nua, lena n-áirítear foscadáin, mórthimpeallan chontae, chun tacú le seirbhísí Naisc Áitiúil atá ag méadú agus le bealaí eile atá faoi chúram na Seirbhíse Poiblí.

Tugadh Cuid 1 de Ghlasbhealach na Canála Ríoga idir Maigh Nuad agus Léim an Bhradáin chun críche agus tá cuireadh chun tairisceana eisithe don chuid eile den scéim. Tá dul chun cinn déanta ar Scéim um Taisteal Gníomhach Bhóthar Chill Chuillinn sa Nás, agus tabharfar seo an obair seo chun críche faoi shamhradh 2024.

Iompar 2023 i bhfoirm uimhreacha



Rinneadh


2,764km

de bhóithre a
chothabháil

Cuireadh

63%

de shoilse poiblí ar
lagfhuinneamh



705km

de bhealaí salannaithe
geimhridh

Próiseáladh

1,729

ceadúnas oscailte
bóithre





Iompar, Soghluaiasteacht agus Spásanna Oscailte

Glasbhealach na Canála Ríoga

Féach ar Aguisín 9, leathanach 169 le haghaidh sonraí breise maidir le hIompar, Soghluaiasteacht agus Spásanna Oscailte in 2023.

Páirceanna agus Spásanna Oscailte



Forléargas ar 2023

- Clós Súgartha Fhiodh Alúine – Cuireadh tús leis an obair tógála mar chuid d'fhorbairt chlós súgartha, pumpraon agus limistéar ilúsáide cluichí.
- Tobar Bhríde – Críochníodh oibreacha uasghrádaithe ar chosáin rochtana agus suíochánra.. Suiteáladh cosáin, suíochánra agus lámhráillí nua chun inrochtaineacht a fheabhsú. Rinneadh fálta agus bleibíní a phlandáil chun cur le háilleacht na háite. .
- Mainistir Chill Droichid - Suiteáladh giomnásiam nua lasmuigh.
- Móta Ard Scol – Rinneadh cosáin agus suíochánra reatha a uasghrádú.
- Siúlóid Lúibe Ghabhailín an Bháite, An Baile Mór – Rinneadh uasghrádú ar inrochtaineacht na gcosán thar Abhainn na Life taobh thiar d'Ardán Bhríde.



Tobar Bhríde, Baile Chill Dara - Suiteáladh cosáin, suíochánra agus lámhráillí nua chun inrochtaineacht a fheabhsú. Rinneadh fálta agus bleibíní a phlandáil chun cur le háilleacht na háite.



Mainistir Chill Droichid - Suiteáladh giomnásiam allamuigh nua

Páirceanna agus Spásanna Oscailte 2023 i bhfoirm uimhreacha



Rinneadh oibreacha
crann ag

1600

ionad



29
Clós Súgartha



Plandáladh
1800
fál agus crann óg




12

Giomnásiam
Allamuigh



3
Pháirc Scátála



Rinneadh
23
páirc a chothabháil
fud fad an chontae



Oibreacha tionscadail
feabhsaithe ar

31

Páirc agus Spás
Oscailte



Rinneadh
405
acra de spás oscailte agus
ciumhaiseanna féir a
chothabháil



Plandáladh
475
crann leathfhásta

Féach ar Aguisín 9, leathanach 191 le haghaidh sonraí breise maidir le Páirceanna agus Spásanna Oscailte in 2023.



Aeráid, Pobal, Comhshaol & Uisce



An Chanáil Mhór, Ráth Iomgháin, Co. Chill Dara

Stiúrthóireacht 3

Aeráid, Pobal, Comhshaol & Uisce

Aeráid

Lean Oifig um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chill Dara de bheith ag fás in 2023. Faigheann an oifig tacaíocht ó fhoireann bainistíochta fuinnimh agus ó fhoireann um ghníomhú ar son na haeráide Chomhairle Contae Chill Dara, foirne ar a bhfuil seaimpíní tras-rannóige. I gcomhar lena chéile, caithfidh lucht na hoifige raon mór aidhmeanna a bhaint amach go gcomhlíonfaidh Comhairle Contae Chill Dara an sprioc náisiúnta de laghdú 51% ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa faoin mbliain 2030. In 2023, forbraíodh Plean nua um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chill Dara (2024 – 2029), plean ar ghlac an Chomhairle lomlán leis i Nollaig 2023 agus ina leagtar amach gníomhartha a dtabharfar fúthu feadh rannóga uile na Comhairle, d'fhonn spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

Pobal

Déanann an Rannóg Pobail forbairt agus ceannaireacht ar thionscnaimh a bhfuil mar aidhm acu ceannasaíocht shibhialta agus deiseanna do theagmháil phobail a sholáthar, chomh maith le tacú le ceannasaíocht phobail. Cuimsíonn foireann ár rannóige tacaíocht agus comhordú Choiste um Fhorbairt Pobal Áitiúil Chill Dara (a thugann faoi cur chuige straitéiseach comhleanúnach i leith na forbartha áitiúla agus pobail a chur ar fáil.

Bhí na nithe seo a leanas i measc na bpríomhréimsí fócais in 2023:

- Clár Bríde 1500 a sholáthar
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt do phobail trí mheán oibreforbartha agus scéimeanna deontais
- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a fhorbairt, a sholáthraíonn creatlach d'fhorbairt phobail agus eacnamaíoch Chontae Chill Dara.

Comhshaol & Uisce

In 2023, lean Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Chill Dara detheagmháil agus comhoibriú a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí náisiúnta agus eagraíochtaí pobalbhunaithe ábhartha go léir, ag baint úsáid as na hacmhainní atá ar fáil dúinn faoin reachtaíocht áitiúil, náisiúnta agus reachtaíocht an AE chun pleananna oibriúcháin a sholáthar agus chun leanúint de chosaint agus feabhsú na timpeallachta tógtha agus nádúrtha i gContae Chill Dara.

Leanadh d'oiliúint a chur ar an bpobal lenár bhfeachtais feasachta chun nósanna atá neamhdhíbhálach don timpeallacht a chur chun cinn, agus é mar aidhm ag na feachtais an méid bruscair agus an truilliú sa chontae a íoslaghdú.



Turas go Tiobl: Baill na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fuinnimh, ag bun Tuirbín Gaoithe Phobal Theampall Doire (íomha 20230914_121101)



Aeráid, Pobal, Comhshaol & Uisce



Aeráid

Forléargas ar 2023

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chill Dara 2024–2029

Is plean áitiúil é Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chill Dara 2024 – 2029, a bhfuil sé mar aidhm aige spríocanna 2030 a aimsiú, agus ba é an chéad phlean dá leithéid sa tír ar glacadh leis – glacadh leis i mí na Nollag 2023. Rianaíonn an plean na bearta maolaithe agus oiriúnaithe a chuirfeadh i bhfeidhm le linn shaolré an phlean chun na hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a thagann ónár saoráidí agus ceantair feidhme a laghdú 51%, agus chun ceannaireacht agus deachleachtas a léiriú don phobal.

Cuimsítear sa phlean an **Crios Dícharbónaithe (CD)**. Is é Maigh Nuad ár CD. Láthair tástála nó saotharlann do ghníomhú ar son na haeráide is ea é. Scaipfeadh torthaí dearfacha an CD ar phobail eile – pobail ar a dtugtar ‘leantóirí tapa’. Anuas air seo, i mí Dheireadh Fómhair 2023 chuir CODEMA tuairisc de chuid Chomhairle Contae Chill Dara i gcrích, tuairisc dar teideal Straitéis Dícharbónaithe agus Bearna go Sprioc. . Léirítear sa tuairisc foirgnimh, saoráidí, infreastruchtúr agus flit na Comhairle atá le dícharbónú i gcomhréir leisan bhfeabhas 50% a chaithfeadh a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí.

Picnic sa Pháirc

Tharla Picnic sa Pháirc i bPáirc an Chuain, Maigh Nuad ar 18 Meitheamh 2023 i gcomhar le Comhairle Phobal Mhaigh Nuad. Ba é seo an tríú bliain den imeacht, ach bhí an Oifig Gníomhaithe ar son na hAeráide páirteach den chéad uair i mbliana. I rith an lae, tugadh eolas maidir le gníomhú ar son na haeráide trí imeachtaí spráil le healaíontóirí agus cruthaitheoirí éagsúla, lena n-áirítear cluichí agus eolas foirmiúil. Bhí thart ar 2,500 duine i láthair.

Turas go Tiob!

I mí Dheireadh Fómhair d’eagraigh an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide turas lae oideachasúil go Tiobraid Árann, agus, mar chuid den turas, tugadh cuairt ar Fheirm Ghaoithe Phobal Theampall Doire – an chéad fheirm ghaoithe phobail in Éirinn. Tugadh cuairt, chomh maith ar shráidbhaile éiceolaíoch Chloch Shiurdáin. Bhain a raibh i láthair taitneamh as lón comhábhar áitiúil. d’fhreastail siad ar chaint maidir le héiteas an tsráidbhaile agus forbairt phobail a bhain lefréamhshamhlacha tógála na dtithe cónaithe (a bhí trialach ag an am sin) agus leis an maireachtáil inbhuanaithe, úllord pobail, bÁCús agus áiseanna pobail eile nach iad.


An Aeráid agus Mise

Tionóladh **Lá Aeráide agus Mise!** in Áras Chill Dara agus i bhfoirgneamh MERITS i mí Dheireadh Fómhair chun foireann na Comhairle agus comhaltáí tofa a chur ar an eolas maidir le gnéithe éagsúla den ghníomhú ar mhaithe le fuinneamh agus ar son na haeráide, gnéithe a bhain lena gcuid oibre agus leis an saol laethúil. .Cuimsíodh sa lá seo seisiúin eolais, imeachtaí rannpháirtíochta, seastáin eolais agus foghlaim idir piaraí. Seoladh sraith lógónna na hOifige um Ghníomhú ar son na hAeráide ar an lá chomh maith.





Lá Aeráide agus Míse!, Áras Chill Dara: Seoladh sraith lógónna na hOifige um Ghníomhú ar son na hAeráide (Íomhá RMP_0330)



Figiúirí Carbóin Míósúla 2023 – Miondealú Chomhairle Contae Chill Dara ar líon iomlán na n-astaíochtaí míosúla 2023. 2022 atá mar bhunlíne.

Public Body	ENERGY PERFORMANCE				GREENHOUSE GAS EMISSIONS							
	2022 energy consumption		Energy performance indicator		Fossil CO ₂ emissions				Total CO ₂ emissions			
	Final GWh	Primary GWh	2030 target	Change since EE baseline	GHG baseline tCO ₂	2022 tCO ₂	2030 target tCO ₂	Change since GHG baseline	GHG baseline tCO ₂	2022 tCO ₂	2030 target tCO ₂	Change since GHG baseline
Kildare County Council ¹	25.6	41.6	-50%	-32%	2,418.1	2,017.0	1,184.9	-17%	9,549.4	7,499.5	2,712.2	-21%

Feidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí – Tuairisc SEAL a ullmhaíodh don Roinn Comhshaol, Aeráide agus Cumarsáide, a thaispeánann a bhfuil baint amach ag Comhairle Contae Chill Dara.

Féach ar Aguisín 9, leathanach 159 le haghaidh sonraí breise maidir le Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023

Pobal



Forléargas ar 2023

Ciste Aitheantais Pobail

Rinne Comhairle Contae Chill Dara maoiniú de luach €807,328 a riar faoin gCisteAitheantais Pobail, mórthionscnamh arb é an chéad cheann dá chineál é. Thug an Ciste um Aitheantas Pobail maoiniú le haghaidh mórfheabhsuithe do phobail fud fad an chontae a roinn a gcuidáiseanna agus infreastruchtúr pobail le daoine ón Úcráin agus ó thíortha eile a ndearnadh díláithriú orthu.

Féile Bríde 1500

- Eagraíodh clár 10-lá d'imeachtaí a rinne ceiliúradh ar luachanna ar thacaigh Naomh Bríd leo, ina measc creideamh, bithéagsúlacht, na healaíona, ceartas sóisialta agus oideachas.
- Cuireadh láithreacha stairiúla Chill Dara os comhair an phobail, agus shroich imeachtaí na Féile lucht féachana domhanda a bhí le clúdach na meán cumarsáide agus sruthú. Cuireadh na cláir in oiriúint do shuíomhanna éagsúla, mar leabharlanna, eaglaisí, scoileanna agus clubanna CLG.
- Cuireadh pacáiste acmhainní ar fáil do scoileanna, agus ghlac siad páirt i dtionscnamh plandála crann.
- Fuair ealaíontóirí agus grúpaí pobail áitiúla tacaíocht mhaoinithe a bhí ar fáil trí scéimeanna deontais Bríde 1500.

Féile Bríde 1500 – Amharclann Tírdhreacha Luxe



CFPÁ – Clár chun Cumhachtaithe Phobal Bhaile Átha Í

Roghnaigh an DRCD Baile Átha Í in 2023 mar sprioc-cheantar do chlár nua forbartha pobail, 'Clár chun Cumhachtaithe Pobail' (CCP), agus leithdháileadh maoiniú de luach €140,000 ar an bpobal. Páirtíocht LEADER Chill Dara a bhí mar cheannaire cláir don obair seo, agus ba iad a d'fhostaigh foireann an tionscadail.

Toblinn Snámha

D'fháiltigh Comhairle Contae Chill Dara roimh Thob-Linn Chumann Snámha na hÉireann i Léim an Bhradáin ar feadh tréimhse 6 mhí le linn 2023. Thug an toblinn deiseanna snámha agus buntáistí don phobal, ina measc ceachtanna snámha scoile, ranganna folláine uisce, ranganna snámha uathachas-bháúil, ceachtanna snámha do dhaoine fásta agus áirithintí príobháideacha do ghrúpaí pobail, agus bhí siad go léir ar fáil ar phraghas réasúnta.

Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

Bhí na nithe seo a leanas i measc uimhreacha na gclár agus buaicphointí na bliana:

- Líon iomlán na gclár – 334
- Clár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas – 1,582 rannpháirtí
- Clár Phobailbhunaite – 3,541 rannpháirtí
- Clár Oideachais agus Oiliúna – 1,754 rannpháirtí
- Clár Spóirt na mBan – 855 rannpháirtí
- Clár Mol Spóirt – 3,473 rannpháirtí
- Clár Aoisbháúil – 922 rannpháirtí
- Imeachtaí Aon Uaire – 7,830 rannpháirtí
- Clár Tacáíochta d'Úcránaigh & Iarrthóirí Tearmainn – 953 rannpháirtí



Seoladh na Tob-Linne i Léim an Bhradáin

Nascadh

Leanadh deChlár Malairte Chill Dara – Lexington do Mhic Léinn in 2023. Thastail 11 mac Léinn ó mheánscoileanna Chill Dara go Lexington, Kentucky, áit ar chaith siad deich n-óiche lena dteaghlai ghóstacha, agus mar ar bhain siad sult as clár gnóthach imeachtaí. Ansin, tháinig a macasamhlacha Meiriceánacha chucusan i gCill Dara, agus thug siad cuairt ar chuid de mhóronaid turasóireachta an chontae mar chuid dá gcúrsa taistil.

Clár Aoisbháúil Chill Dara

Sheol an tAire Mary Butler Straitéis Aoisbháúil nua do Chill Dara in 2023. Tharla dhá seó bóthair Aoisbháúla in 2023, agus bhí an chéad cheann acu dírithe ar ár bpobal tuaithe feirme. D'oibríomar i gcomhar leis an IFA chun tionscnaimh folláine saincheaptha a sholáthar, a chuir eolas ar fáil faoi chúrsaí feirmdhírthe agus faoi chúrsaí níos forleithne. Sa dara seó bóthair, a bhí dírithe arís ar ár bpobail tuaithe, cuireadh fócas ar an uaigneas tuaithe. Bhí 250 duine i láthair i mBaile Sheáin i mí Mheán Fómhair mar chuid den tseachtain um ionchuimsiú sóisialta. Sa seó bóthair seo, cuireadh fócas ar an gcaoi le cosc a chur ar dhrochrudaí áirithe, agus labhair saineolaithe faoi stróc, úireolaíocht agus coireacht.

Forbairt Pobail

Lean an fhoireann forbartha pobail de thacú forbartha pobail a sholáthar sa chontae, agus cuireadh béim faoi leith ar phobail faoi mhíbhuntáiste. Eagraíodh grúpaí Bhothán na mBan fud fad an chontae, agus tacaíodh leo le tionscadail éagsúla i rith na bliana. Léiríodh Bothán na mBan sa Droichead Nua ar Nationwide agus Dancing with the Stars, mar thoradh ar ghné ionchuimsitheach an ghrúpa, agus an chaoi a gcuireann siad sláinte dhearfach agus folláinechun cinn.

Ainmníodh trí ghrúpa, agus tacaíodh leo, chun cur isteach ar an gComórtas Bróid Áite Náisiúnta, agus is cúis bróid dúinne gur bhuaigh Grúpa Rochtana Mhaigh Nuad sa Chlár Náisiúnta.



Grúpa Rochtana Mhaigh Nuad, Buaiteoirí Ghradam Bród Áite IPB 2023

Pobail 2023 i bhfoirm uimhreacha



1,029

deontas agus soláthraíodh maoiniú de luach €2,283,875 in 2023.

Phléigh Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara le breis agus

29,641

duine in 2023.



Clár CFPÁ LEADER - Faomhadh

2

thionscadal de luach iomlán €47,614.



Ciste Tacaíochta Pobail CFPÁ - Tugadh maoiniú de luach iomlán €316,206 do

139

grúpa.



Fuair

77

grúpa pobail agus 1,023 duine aonair Idirghabhálacha SICAP (buiséad €1,475,473).



Soláthraíodh maoiniú Cúraim Sláinte de luach

€75,000

do thionscadail a chuir sláinte agus folláine chun cinn.

I gClár Bríde 1500, infheistíodh

€30,000

i dtionscnaimh pobail áitiúla.



Féach ar Aguisín 9, leathanach 191 le haghaidh sonraí breise maidir le Pobail in 2023

Comhshaol & Uisce



Forléargas ar 2023

Páirc Bhaile Chairdif

Leanadh ar aghaidh go seasta debheith ag tógáil Pháirc Bhaile Chairdif le linn 2023, agus bhí sí beagnach tugtha chun críche faoi dheireadh 2023. Nuair a bheidh bailchríoch curtha ar an bpáirc, soláthróidh an pháirc áis áineasa ilusáide iontach, agus rachaidh sí chun leas na heacnamaíochta, na timpeallachta agus chun leas anphobail i gcoitinne. I measc na n-áiseanna tá:

- Clós súgartha ionchuimsitheach
- Bealaí siúlóide
- Bithéagsúlacht láidir i bhfoirm fáilte sceach, lochán, móinéar agus coillearnach
- Conair ealaíne
- Faichí imeartha uile-aimsire
- Áiseanna clóis spraoi

Sraith Bruscair IBAL (GÉCB)

I suirbhé Ghnó Éireann i gCoinne Bruscair (GÉCB) 2023, bhain Maigh Nuad an rangú is fearr mar an mbaile is glaine in Éirinn. Moladh Maigh Nuad as na leibhéil ghlaineachta a baineadh amach in le linn 2023 – leibhéil nár baineadh amach riamh cheana thar thréimhse 20 bliain na suirbhéireachta.

Tuairisc Feidhmíochta Comhshaoil

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a Tuairisc Feidhmíochta i ndáil le Forfheidhmiú Comhshaoil do 2022, inar léiríodh gur aimsigh Comhairle Contae Chill Dara na torthaí is airde – baineadh amach an caighdeán cuí thar gach ceann de na Tosaíochtaí Forfheidhmithe Náisiúnta (TFN). Bhain Comhairle Contae Chill Dara scór ard agus láidir amach feadh na gcatagóirí náisiúnta forfheidhmithe ar fad mar atá dramhaíl, uisce, aer agus fuaim, mar aon le próisis rialaithe.

Scéim Cosanta Tuilte na Moiréile

Tá Scéim Bainistíochta Tuilte na Moiréile á tógáil chun cosaint a thabhairt do theaghlaigh, gnóthaí agus áiseanna eile agus bóithre áitiúla sa dobharcheantar atá i mbaol tuilte. Ag deireadh 2023 bhí 57% den scéim tógtha, le 5,243 m d'oibreacha cosanta tuilte tugtha chun críche. Áirítear leis seo 3,684 m de chlaífoirt chosanta tuilte, 532 m de bhallaí cosanta tuilte, leasúcháin ar 758 m de chlaífoirt chosanta tuilte agus 150 m d'oibreacha atreoraithe cainéal tugtha chun críche.

Oibreacha Reilige


- Tógadh ballaí Colmlainne nua i reiligí Ráth Iomgháin agus Bhaile an Chrócaigh
- Tugadh méadú reilig Alúine chun críche



Páirc Bhaile Cheirdí



Sraithchomórtas Bhruscair IBAL (GÉCB): Ghnóthaigh Maigh Nuad an rangú is fearr mar an mbaile is glaine in Éirinn




Comhshaol & Uisce

2023 i bhfoirm uimhreacha



Rinneadh
1,373
gearán maidir le
truailliú a
bhainistiú

Rinne ár gcigirí
1,186
scrúdú maidir le
hiompraíocht
dramhaíola
neamhdhleathach



1,394
scrúdú uisce agus
fuíolluisce



Thug grúpaí Bailte Slachtmhara,
cumainn chónaitheoirí agus
rannpháirtithe Ciliméadar Glas faoi

120
glantachán



Bronnadh bratacha
ghlasa ar

42

scoil faoi Chlár na
Scoileanna Glasa



Fuarthas 4,886 tonna de
ghloine agus 66 tonna de
channaí ar ais ó na

40

ionad 'fág anseo'

Rinneadh thart ar

60

tonna de chrainn
Nollag ó 7 n-ionad
sealadacha a stialladh



Féach ar Aguisín 9, leathanach 159 le haghaidh sonraí breise maidir le comhshaol agus uisce in 2023



Seirbhísí Corparáideacha, Pobail agus Cultúrtha



Banna Práís Saint Mary's, Maigh Nuad, Oíche Chultúir

Stiúrthóireacht 4

Seirbhísí Corparáideacha, Pobail agus Cultúrtha

Seirbhísí Corparáideacha

I measc bunghníomhaíochtaí na Rannóige um Sheirbhísí Corparáideacha tá:

- Feidhmiú mar phríomhphointe teagmhála don bhainistíocht i ndáil le seirbhísí do chustaiméirí, trí r-phost, post, guthán agus go pearsanta.
- Seirbhísí tacaíochta a sholáthar do na comhaltaí tofa, agus seirbhísí a sholáthar do chruinnithe reachtúla
- Clár na dtoghthóirí a chothabháil
- Seirbhísí tacaíochta riaracháin a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus don Fhoireann Bainistíochta
- Obair a dhéanamh i ndáil le feidhm na meán agus feidhm na cumarsáide don eagraíocht
- Oibleagáidí maidir le Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí a bhainistiú
- Saoráidí a bhainistiú agus gníomhaíochtaí corparáideacha éagsúla feadh na stiúrthóireachtaí a chomhordú

Acmhainní Daonna

I measc bunghníomhaíochtaí na Rannóige Acmhainní Daonna tá earcaíocht, traenáil agus forbairt foirne, leas foirne, caidreamh tionsclaíoch agus aoisliúntas.

Bhí sé mar thosaíocht in 2023 leanúint de bheith ag tacú le baill foirne agus úsáid ár gClár um Chúnamh d'Fhostaithe a chur chun cinn. Cuireadh béim sa bhreis ar shláinte agus folláine le linn na bliana 2023.

Táimid tiomanta do chothú chultúr foghlama agus forbartha leanúnach, agus chuireamar clár traenála agus forbartha foirne i bhfeidhm in 2023.

Glacann an rannóg AD ceannaireacht ar Phlean Fórsa Oibre a ullmhú don eagraíocht, chun cabhrú le planáil sa todhchaí agus chun cinntiú go bhfuil acmhainní foirne leordhóthanacha agus oiriúnacha againn chun na seirbhísí riachtanacha ar fad a sholáthar ar ardchaighdeán.

Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chill Dara

Lean an tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon debheith ag soláthar raon clár ar ardchaighdeán lena n-áirítear clár foghlama, litearthachta, cultúrtha, ealaíona agus oidhreachta, mar aon le clár um fhorbairt léitheoirí. Soláthraíodh míreanna ábhartha de bhliain dheireanach Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán agus míreanna de Straitéis 'Éire Ildánach' Chill Dara 2023-2027.

Bhí tabhairt chun críche Leabharlann agus Ionad Cultúrtha an Náis i measc na bpríomhthosaíochtaí in 2023 mar aon le leanúint de bheith ag cur leabharlanna chun cinn mar áiseanna pobail agus ag tacú le hionchuimsiú sóisialta agus cultúrtha. Anuas air seo, i measc tosaíochtaí eile bhí foilsiú na Straitéise Ealaíon nua 2023-2027, ar mhaithe le tacú le healaíontóirí agus pobail trí chláreagrú Ealaíon, Sláinte agus Folláine.



Seirbhísí Corparáideacha, Pobail agus Cultúrtha

Seirbhísí Corparáideacha



Forléargas ar 2023

- Thacaigh an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha le huasghrádú cuimsitheach a dhéanamh ar Sheomra na Comhairle in 2023, lena n-áirítear uasghrádú ar na córais TF a tugadh chun críche, agus tá na socruithe cuí a éascóidh cruinnithe hibrideacha déanta anois
- Cuireadh seirbhís chuimsitheach agus inrochtana ar fáil do 40 comhalta tofa Chomhairle Contae Chill Dara feadh na 5 Cheantar Bhardasacha
- Rinneadh seirbhísí ar 97 cruinniú reachtúil i rith na bliana, ina measc 15 chruinniú lánchianda
- Riaradh ceanglais reachtúla uile na gcomhaltaí maidir leis an gClár Poiblí laistigh den fhráma ama riachtanach, agus foilsíodh ar líne iad de réir mar ba ghá.
- Reáchtáladh feachtas cumarsáide a raibh sé mar aidhm aige ionchur mór Cáine Mhaoine Áitiúla a léiriú. Cáin bhliantúil ar réadmhaoin chónaithe is ea Cáin Mhaoine Áitiúil – bunaítear an cháin ar luach margaidh, agus cuireann leithdháileadh an mhaoinithe seo (a dhéanann Comhairle Contae Chill Dara ar bhonn bliantúil) le caighdeán maireachtála agus infreastruchtúr shaoránaigh Chill Dara feadh na 5 Cheantar Bhardasacha sa chontae
- Chuir Comhairle Contae Chill Dara próisis i bhfeidhm agus é mar aidhm acu cloí le hoibligeáidí nua maidir le fógraíocht i nGaeilge faoi Alt 10A, (Fógraíocht Chomhlachtaí Poiblí) Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Tá tuairisciú ar fheidhmíocht in 2023 i ndáil le hAlt 10A le cur chuig an gCoimisinéir Teanga in 2024
- Ullmhaíodh agus tugadh chun críche in 2023 creatdoiciméad nua ar mhaithe lenár riachtanais faoi Threoiríú an Choimisiúin um Chearta an Duine agus Comhionannas a sholáthar. Sa chreatdoiciméad sin, rianaítear ár gcur chuige i ndáil le riachtanais na creatlaí a sholáthar
- Bunaíodh aonad soláthair nua i gComhairle Contae Chill Dara in 2023, chun cabhrú le baill foirne maidir le comhlíontacht soláthair, tuiscint agus traenáil foirne a chinntiú, modhanna oibre a chaighdeánú agus chun an aidhm ‘luach airgid’ a chur chun cinn, is é sin luach ar airgead a fháil nuair a chaitear airgead poiblí
- Nuair a cuireadh an tAcht um Athchóiriú Toghchán i bhfeidhm in 2022, lean Comhairle Contae Chill Dara de phróiseáil a dhéanamh ar líon níos mó ná an meán náisiúnta d’arratais ar líne ar an gcóras ar líne Seiceáil an Clár
- Lean Comhairle Contae Chill Dara de bheith ag déanamh athbhreithniú ar FhoDhlíthe Corrthrádála chun comhlíontachtrialachán a chinntiú agus chun tabhairt faoi éileamh ar thrádáil sa ríocht phoiblí- éileamh atá ag fás. Eisíodh 4 cheadúnas don chorrthrádáil le linn 2023.



Fógraíocht 'Seiceáil an Clár' ar Fhoscadán Bus

Seirbhísí Corparáideacha 2023 i bhfoirm uimhreacha

Seirbhísí Corparáideacha, Pobail agus Cultúrtha

Freagraíodh

130,000

glaos ar an meán



Rinneadh
seirbhísí ar

97

cruinniú reachtúil



Rinneadh
seirbhísí ar

16

chruinniú lánchianda



Chríochnaigh

101

ball foirne traenáil
RGCS



Próiseáladh

119

iarratas SF

Eisíodh

127

preasráiteas



Os cionn

700

ball foirne a
úsáideann an
aipfoirne

Féach ar Aguisín 9, leathanach 182 le haghaidh sonraí breise maidir le Seirbhísí Corparáideacha in 2023.

Acmhainní Daonna



Forléargas ar 2023

- Tugadh isteach an Obair Chumaisc go foirmiúil i gComhairle Contae Chill Dara in 2023, tráth ar glacadh leis an gcéad Pholasáí um Obair Chumaisc
- Lean an Rannóg Acmhainní Daonna de theagmháil dhearfach a dhéanamh le fóraim na ceardchumann áitiúil in 2023. De bharr gur aistríodh Seirbhísí Uisce go Uisce Éireann, eagraíodh comhfhóram i mí Iúil 2023 d'fhonn a bheith ag comhoibriú i ndáil leis ceisteanna éagsúla a bhain leis an aistriú, go háirithe na próisis aistrithe foirne
- I gcomhréir le tiomantas Chomhairle Contae Chill Dara don fholláine foirne, glacadh leis an gcéad Straitéis Folláine in 2023. Leanann Comhairle Contae Chill Dara dethairseach folláine foirne a chur i bhfeidhm, a chuireann le rochtain na mball foirne ar uaireanta/am do chúrsaí folláine.. Bunaítear na topaicí atá ar fáil ar na trí bhunréimse folláine mar atá meabhair, cothú agus aclaíocht. Anuas air seo, is féidir leis an tseirbhís comhairleoireachta foirne tacú a thabhairt le raon de cheisteanna éagsúla pearsanta agus ceisteanna a bhaineann leis an obair
- Cuireadh tús in 2023 le plan straitéiseach fórsa oibre don eagraíocht, agus leanfar leis an obair seo in 2024. Próiseas atriallach a bheidh sa phleanáil d'fhórsa oibre , agus soláthraítear deiseanna chun léargas a fhorbairt, bunlíne a eagrú, réamhfhaisnéis a thabhairt agus planáil a chur i bhfeidhm ar bhealach straitéiseach agus eolach ionas go mbeimid réidh chun ár seirbhísí agus aidhmeanna an Phlean Chorporáidigh a sholáthar
- Tharla tionscadal rathúil athstruchtúraithe próifíle CORE i mí Iúil 2023. Chuimsigh an obair seo ascnamh sonraí do bhreis agus 1,300 fostaí Chomhairle Contae Chill Dara, agus bhí tuairisciú anailíseach Roinn na hAD níos éifeachtaí mar thoradh ar an tionscadal.

Acmhainní Daonna 2023 i bhfoirm uimhreacha

Faomhadh
477

iarratas ar Obair
Chumaisc



Baineann

73%

de bhall foirne a
oibríonn laistigh leas
as socrú don obair
chumaisc



Rinne

111

ball foirne teagmháil
dhíreach leis an gClár um
Chúnamh d'Fhostaithe



Soláthraíodh

324

cúrsa/seimineár



D'fhreastail

858


fostaí ar chúrsaí/
seimineáir



Tugadh

2,762

imeacht traenála chun
críche go rathúil



332

ceapachán
(poist ghníomhacha agus
athruithe céime ina measc)



145

tosaitheoir nua

64

comórtas
eagraithe



54

painéal eagraithe

Féach ar Aguisín 9, leathanach 163 le haghaidh sonraí breise maidir le hAcmhainní Daonna in 2023.

Inrochtaineacht



Forléargas ar 2023

- Cheiliúir Comhairle Contae Chill Dara Seachtain um Mhíchumas Chill Dara (27 Samhain – 1 Nollaig) agus Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas trí raon tionscnamh a reáchtáil fud fad an chontae. I measc na dtionscnamh sin, reáchtáladh feachtas fíorúil chun Cill Dara a ‘shoilsíú’ sa dath corcra. Sa tionscadal Clár Fógraí Bhaile Átha Í, chonacthas raon de chláir fógraí a chuir béim ar mhíchumas. Anuas air seo, seoladh leabhar faoi mhíchumas do pháistí, mar aon le taispeántas d’áiseanna ‘Breagáin ár nDomhan’ agus rinneadh ceiliúradh ar an ngradam a baineadh ag Gradaim Bróid Súgartha IPB (CÁCÉ)
- Thug sainchomhairleoirí seachtracha faoi iniúchadh inrochtaineachta a dhéanamh ar Leabharlann Léim an Bhradáin, a chuimsigh iniúchadh ar sholáthar seirbhísí agus ar an timpeallacht fhisiciúil
- Sheol Comhairle Contae Chill Dara, i gcomhar le Líonra Rochtana Chontae Chill Dara, fíis faisnéise mar chuid den tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta, a léirigh roinnt de na forbairtí agus gaiscí a baineadh amach in earnáil na hinrochtaineachta fud fad an chontae
- Méadaíodhan chatalóg ‘Breagáin, Teicneolaíocht agus Oiliúint’ (BTO) agus áiseanna inrochtaineachta i rith na bliana, agus tugadh isteach cúrsa nua don chlósscríobh – Tadhall, Clósscríobh, Léigh, Litrígh (TCLL). Cúrsa struchtúrtha ar líne is ea é a chabhraíonn le mic léinn foghlaim ar pé luas a oireann dóibh féin. Cuireadh an iris ‘The Fact Factory’ ar fáil sa chontae – iris le teicneolaíocht chúnta a rachaidh chun leasí páistí le lagú radhairc nó/agus páistí a bhfuil an léitheoireacht mar dhúshlán dóibh
- Tionóladh cruinnithe míosúla a chuimsigh Líonra Rochtana Chontae Chill Dara agus ghrúpa rochtana áitiúla do dhaoine faoi mhíchumas – Baile Átha Í, Cill Droichid, Léim an Bhradáin, Maigh Nuad, An Nás & Droichead Nua.




Seoladh Leabhar faoi Míchumas do Pháistí mar chuid den tSeachtain um Mhíchumas i gCill Dara



Seirbhísí Corparáideacha, Pobail agus Cultúrtha

Inrochtaineacht 2023 i bhfoirm uimhreacha



2


